Nuachtlitir

Eisiúint 7 - Nollaig 2005

Coiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo

Réamhfhocal an Chathaoirligh
(INSERT PHOTO)

Tá an díospóireacht ar Chúram Leanaí tar éis cúinne polaitiúil a chasadh. Rinne fothoghchán na Mí na deacrachtaí a bhí ag tuismitheoirí maidir le hinsroichteacht chúram fónta inacmhainne leanaí a shonrú.

Tá cúram leanaí anois in áit ar chóir do a bheith - chun tosaigh ar an gclár polaitiúil.

Tá ár ndaonra baineann ag sárú fir in oideachas; tá an saol athraithe. Teastaíonn ó mhná in Éirinn an lae inniu rogha a bheith acu slí bheatha agus tógáil clainne a bheith acu i gcuideachta.

Tá aontacht chlainne in Éirinn athraithe chomh maith. Ní gach duine a dhéanann de réir mar a bhí comhghnásach. Ach, taobh amuigh de nádúr na clainne, tá an chaoi a gcothaímid ár bpáistí ríthábhachtach dár gcomhluadar. Is é an t-aon treoir amháin gur féidir linn a thógáil ná a dhearbhú go bhfuil riachtanais ár bpáistí uilig fíor thábhachtach.
Mar is féidir le gach duine a bhfuil dlúthbhaint acu leis an díospóireacht ar chúram leanaí cuid mhaith den obair chrua a dhéanann na Coistí Cúram Leanaí agus a bhfoirne a admháil.

Tá a fhios againn go ndéanfaidh CCLCM sár-iarracht dul chun cinn níos fearr a dhéanamh i Maigh Eo i gcónaí. Ní féidir linn gach rud a chur ina cheart thar oíche ach is é ár bpríomh chuspóir ná na struchtúir do chúram leanaí, oideachas réamhscoile a láidriú agus áiseanna atá oiriúnach do pháistí in aois scoile a fhorbairt.

Tá cuid mhaith cúiseanna ar thug tíortha eile faoi na ceisteanna seo níos fearr ná mar a rinne muide. Cibé ar bith, déanfaimidne níos fearr má thugann ár rialtas an tacaíocht atá riachtanach dúinn.
Leanfaidh CCLCM ar aghaidh ag tacú le rogha tuismitheoirí, ag tacú leis na soláthraithe seirbhíse i dtraenáil agus ag coinneáil na ndaoine fiúntacha seo trína bhfiúntas a aithint mar is cóir. Caithfimid aire a thabhairt do lucht cúraim.

Creideann CCLCM go láidir go mbeidh infheistíocht i gcúram leanaí anois ina buntáiste sonrach d'ár gcomhluadar, do chlanna agus don eacnamaíocht.
Mar chathaoirleach ar CCLCM is mian liom buíochas ó chroí a thabhairt ar dtús d'ár bhfoireann dícheallach agus díograiseach; dóibh siúd a oibríonn ó lá go lá ag tabhairt aire don somhaoin is luachmhaire atá ag ár dtír - ár bpáistí uilig. Níor cheart go ligfí i ndearmad na daoine deonacha a thugann dá n-am príobháideach chun suí ar choistí, srl., ar mhaithe le comhluadar níos fearr a chuireann páistí chun tosaigh.

Go raibh maith agaibh arís agus go raibh saoire shábháilte agus shona againn uilig. Am an-speisialta agus draíochtach do na páistí!

Tábla na nÁbhar

1.... Réamhrá an Chathaoirligh

2.... Ceardlanna Traenála Coistí agus Eolais do Ghrúpaí Pobail

2.... Tóg "Lifesteps" nua ag do Leabharlann

2.... Comhdháil Réigiúnach Chúram Leanaí

3.... Breathnú siar ar 2005

4.... Spotsolas ar Sholáthraí Cúram leanaí

6.... Nuacht ón nGaeltacht

7.... Cúinne Nollag Tuismitheoirí agus Leanaí

8.... Nuashonrú E.O.C.P.

Ceardlanna Traenála Coistí agus Eolais do Ghrúpaí Pobail

Tá Coiste Cúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo i gcomhar leis na Seirbhísí Luathchúraim Leanaí tar éis babhta eile ceardlanna Traenála Coistí agus Eolais a chríochnú. Reáchtáladh na hoícheanta eolais ins na hionaid seo a leanas::

- Cathair na Mart ar an 7 Samhain '05
- Caisleán an Bharraigh ar an 14 Samhain '05
- Béal an Átha ar an 21Samhain '05

Bhí na ceardlanna seo dírithe ar shoiléiriú a dhéanamh ar róil agus ar dhualgais bhaill choistí a bhfuil baint acu le tograí pobail cúraim leanaí.
Chlúdaigh an t-eolas a soláthraíodh ar an oíche réimsí ábhair ar a raibh:

- Tábhacht struchtúir dlí
- Riachtanais airgeadais agus tuairiscithe ADM
- Dualgais éagsúla Chathaoirleach, Rúnaí agus Chisteoir an Choiste
- Breathnú ar reachtaíocht fhostaíochta
- Pleanáil agus riaradh CCBliana éifeachtacha

Léirigh aiseolas ó na rannpháirtithe tairbhe na gceardlanna eolais agus sholáthair siad deis idéalach do ghrúpaí chun gréasánú agus chun taithí agus comhairle a mhalartú.

Tá an traenáil tosaigh seo mar chuid de thionscnamh leanúnach ag an gCoiste Contae Cúram Leanaí chun tacaíocht leanúnach a sholáthar d'oifigigh ar na grúpaí pobail seo. Tá tuilleadh traenála beartaithe d'Earrach 2006.

Tóg na "Lifesteps" nua ag do Leabharlann

An dteastaíonn uait eitilt a chur san áireamh ar an idirlíon, eolas a fháil maidir le teach a cheannach nó ar do ghnó féin a thosnú? Is duitse "Lifesteps" ag do leabharlann áitiúil, mar sin. Is sraith treoirlínte clóite agus ar líne iad "Lifesteps" deartha le pobal leathan a mhealladh chuig tábhacht an idirlín i sásamh a riachtanais eolais. Déanann na treoirlínte praiticiúla agus eolasacha seo a chlúdaíonn faoi láthair 17 n-ábhair shainiúla gnáth shaoil a áireamh - ó bhlianta tosaigh do pháiste go Foghlaim Tiomána, ó íoslódáil cheoil go bheith ar scor agus ó stair chlainne go feilméireacht - áiríonn siad uilig treoracha simplí a léamh a thógann an t-úsáideoir, céim ar chéim, trí réimse leathan acmhainní ar line ag sonrú agus ag míniú cuid mhór den eolas atá ar fáil ar líne.

Tá na treoracha, atá ar fáil ins na leabharlanna poiblí uilig, curtha ar fáil ag ball foirne le saineolas ina (h)ábhar roghnaithe féin agus mar fhreagra ar fhiosraithe rialta ón bpobal.

Austin Vaughan
Leabharlannaí Contae

Comhdháil Réigiúnach Chúram Leanaí
Baile an Locha, Ros Comáin

(INSERT PICTURES)

Bhí comhdháil réigiúnach chúram leanaí ar siúl le gairid i mBaile an Locha le scata aoi-chainteoirí. Ba chomhfhiontar an chomhdháil "All Together Now: Consulting with Children" ina raibh trí Choiste Contae Iartharach Chúram Leanaí páirteach - Gaillimh, Maigh Eo agus Ros Comáin. Rinne Sinéad Devine, Cathaoirleach Choiste Chúram Leanaí Chontae Ros Comáin an ócáid a oscailt go hoifigiúil. Bhí Sylvia Langford, Stiúrthóir Cúnta, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, ina haoi-chainteoir agus ba é an Dr. Richard Woolfson, Síceolaí cáiliúil Leanaí, an príomh chainteoir a labhair ar an ábhar "Positive Ethos Leads to Positive Relationships". Reáchtáladh roinnt ceardlanna i gcaitheamh an lae mar chuid den gcomhdháil. Clúdaíodh réimse leathan téamaí ag áireamh "Listening to and Consulting with Children"; Consulting with Children in an After School Setting"; Little Sports - Fitness for Pre-School Children"; "Watoto"; "Reflecting Diversity and the Wider World"; "Empowering Children through Active Learning and Speaking with the Hands, the Heart and the Head - Understanding Children". Rinne Déirdre Swords agus Sinéad O'Neill an ceardlann ar "Listening to and Consulting with Children" a reáchtáil. Is traenálaithe leis an ISPCC iad Déirdre agus Sinéad araon. Rinne Karen Ridell an ceardlann ar "Little Sports Fitness for pre-school children" a chur i láthair. Rinne Karen Corpoideachas agus Béarla a mhúineadh ag Cardinal Newman Secondary School, East Sussex agus Corpoideachas, Ábhair Ghairmeacha agus Acadúla ag Lewis Tertiary College. Rinne Maria Barry as Trócaire ceardlann ar fhrithchaitheamh éagsúlachta agus an domhain mór a stiúradh. Oibríonn foireann oideachais Trócaire ar mhaithe le pheirspictíochtaí domhanda agus dlí agus cirt a áireamh i gcuraclaim ag gach leibhéal.
Thug Kathy Ewing ceardlann ar pháistí a chumasú trí ghníomh-fhoghlaim. Tá Teastas in Oideachas ag Kathy ó Ollscoil Londain. Thug Pierse O'Shiel ceardlann dár teideal "Speaking with the hands, the heart and the head". D'oibrigh sé le breis agus ocht mbliana déag le grúpaí pobail ag tacú le ciondargairdíní Steiner ar fud na tíre. Ba láithreoir eile ceardlainne í Anne Duignan. Is síceolaí agus oideachasóir luath-óige í agus ball de Phainéal Traenála Choiste Chúram Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe.

Ag breathnú siar ar 2005 do Lucht Cúram Leanaí i Maigh Eo

Bhí bliain an-ghnóthach againn do lucht chúram leanaí ins an gcontae. Bhí freastal maith ar ár ngréasáin lae ins na háiteacha seo a leanas:

Béal an Átha - Tumble Jungle - Gach Céadaoin 10-1 i.n.
Coillte Mach - Maghu's Castle - Gach Déardaoin 11-1 in
Caisleán an Bharraigh - Funster - Gach Máirt 10-1 i.n.

Tá siad seo thuas saor in aisce don aireoir leanaí agus do na leanaí faoin a gcúram.
Tagann **Gréasán Chúram Leanaí Bhéal Átha na Muice** le chéile uair sa mhí ins an Gateway Hotel.
D'eagraigh siad bailiúchán an-tairbheach don Meningitis Trust i Mí Márta. Shocraíodar go dtiocfadh lucht cúram leanaí, tuismitheoirí agus leanaí uilig chuig Maghu's Castle maidin Déardaoin amháin chun sult a bhaint as na háiseanna thar cupán caife. Bhailigh siad 1,000 euro - mór-ghaisce! Maith sibh uilig!

Tá **Gréasán Chúram Leanaí Chathair na Mart** bunaithe le roinnt mhíonna anuas agus tagann siad le chéile ar an gCéadaoin dheireanach de gach mí.
Má's aireoir leanaí thú nó má tá aithne agat ar aon aireoir leanaí ar mhaith leo casadh le haireoirí eile i gcóir comhrá san oíche déan teagmháil leis na huimhreacha seo a leanas
Béal Átha na Muice Mary @ 094-9384449
Pauline @ 094-9352542

Cathair na Mart **Karen @ 098- 50772**
Joanne @ 098-262012
D'eagraíomar freisin Pead. First Aid do lucht cúram leanaí i gClár Chlainne Mhuiris, Caisleán an Bharraigh agus Béal an Mhuirthead. Tá súil againn taisteal chuig limistéir eile i Maigh Eo an bhliain seo chugainn agus má tá suim agat garchabhair a dhéanamh déan teagmháil le Mary @ 094-9034776/7.
D'éirigh go h-an-maith leis an "Quality Awareness Programme" i mbliana. Ina iomláine bhí 113 aireoirí leanaí againn a ghlac páirt ins an dtraenáil seo ar fud an chontae uilig.
D'eagraíomar traenáil ins na bailte seo a leanas:

- **Crois Mhaoilíona**
- **Clár Chlainne Mhuiris**
- **Béal an Mhuirthead**
- **Cill Ala**
- **Caisleán an Bharraigh**
- **Baile Chathail**
- **Coillte Mach**
- **Baile an Róba**
- **Béal Easa**
- **An Mhala Raithní**
-

Airíonn an traenáil seo cúig oíche agus clúdaíonn sé na hábhair: Cén fáth a roghnófá Cúram Leanaí?; Súgradh; Sláinte & Sábháilteacht; Deá-Bhail Leanaí; agus Forbairt Leanaí. Tá an traenáil saor in aisce agus, chuige sin, coinnigh súil amach dó i do nuachtáin áitiúla an bhliain seo chugainn.
Bhí Comhdháil "Quality Home-based Childcare - Your journey" againn ins an Ridgepool Béal an Átha. Clúdaíodh sonraí an lae seo in ár nuachtlitir Fómhair.
Tá grúpa de 15 aireoirí leanaí ag déanamh a gCúrsa FETAC Leibhéal 5 i "Childminding Practice" anseo i gCaisleán an Bharraigh faoi láthair agus d'fhéadfadh go leanfadh cuid acu ar aghaidh chun a gCúram Leanaí Leibhéal 5 a chríochnú ins an am atá rómhainn. Maith sibh uilig - coinnigh suas an deá-obair!.
Ba mhaith linn an deis seo a ghlacadh le Nollaig Shona agus Bliain Úr faoi mhaise a ghuí ar lucht Cúram Leanaí uilig agus ar a gclanna.

Mary O'Hara-Gavin - Oifigeach Comhairleach Cúram Leanaí BFS
Jim Power - Comhordnóir Choiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo
Mary Heavey - Oifigeach Gréasáin Cúram Leanaí Éireann

Ag súil le bheith ag obair agus ag tacú libh in '06.

Todhchaí Chúram Leanaí: Ag Tabhairt Faoin Dúshlán Cúram Leanaí.

Ag leanacht ar aghaidh ón ár gcomhdháil an-torthúil i mBéal an Átha i mí Dheireadh Fómhair teastaíonn uainn mar ghrúpa breathnú chun cinn ar na hiliomad dúshláin i gCúram Leanaí i Maigh Eo inniú.

Tá cúram leanaí an-ard ar an gclár poilitiúil agus, freisin, ar intinní tuismitheoirí. Caithfidh cothromaíocht a bheith idir géilleadh do phátrúin nua i bhfostaíocht ar mhaithe le deiseanna fostaíochta a thabhairt do thuismitheoirí, máithreacha go speisialta, má theastaíonna uatha. Chun an deis seo a bheith acu, caithfidh cúram leanaí inacmhainne a bheith ann chun go mbeidh fáil acu air chun cothromaíocht a bhaint amach idir fostaíocht agus saol clainne ar mhaithe le ligean do gach páiste an tús is fearr a bheith acu.
Seo é an t-am gur fiú tábhacht fhiúntais laistigh den tseirbhís.
IS FIÚ FIÚNTAS:

- Do LEANAÍ - is infheistíocht é ina bhfás sláintiúil agus ina bhforbairt.
- Do THUISMITHEOIRÍ - tugann sé tacaíocht dá gcuid saothair agus dá bhfreagrachtaí clainne.
- Do FHOIREANN/SOLÁTHRAITHE CÚRAIM - tairgeann sé míniú agus sásamh dá saothar ó lá go lá.
- Do GHNÓ & DON bPOBAL MÓR - soláthraíonn sé oibrithe iontaofa agus soláthraíonn don eacnamaíocht áitiúil.

DÉANANN CÚRAM NEAMH-FHIÚNTACH DOCHAR DO PHÁISTÍ & CUIREANN LE COSTAIS SÓISIALTA EACNAMAÍOCHA NÍOS AIRDE.
Trí dhíriú agus trí bheith ag obair i dtreo fiúntais, táimid ag infheistiú ins an ghlúin atá le teacht, ní fhásann páistí suas i bhfolús ach cuireann na clanna agus na pobail ina gcónaíonn siad isteach orthu agus tá siad faoin a dtionchar. Is post an-fhreagrach agus tábhachtach é do phost mar aireoir leanaí.
Tá an chaoi a gcomhlíonann tú do phost faoi thionchar cuid mhaith factóirí agus cuireann gach ceann acu le fiúntas do sheirbhís.
Smaoinigh ar na nithe seo a leanas:
1. Arbh'é rogha aon-ghnó é cúram a thabhairt do pháistí daoine eile agus an bhfaigheann tú tacaíocht ó bhaill eile do chlainne.
2. An bhfaigheann tú brí, sásámh agus bród as do chuid oibre agus as tréithe beaga na bpáistí.
3. An bhfuil tú ar bhonn laethúil ag tógáil naisc mheasúla idir an duine fásta agus an páiste.
4. An nglacann tú freagracht phearsanta dod' fhéin-fhoghlaim, ghníomhaíochtaí agus fhuascailt fadhbanna.
5. An airíonn tú go bhfuil agat lámh agus smacht ar d'obair fhéin, laistigh den ghréasán clainne agus den mhór-phobal.
6. Cé chomh héifeachtach is atá tú ag cothromú dualgais chlainne agus ag déanamh ama pearsanta.

Nuair atá na factóirí thuas in easnamh is féidir leo a dhul i dtreo mhothú a bheith sáinithe, páirteach ann ar mhaithe leis an airgead amháin, díluacháil, míshásamh, aireachtáil go bhfuil na tuismitheoirí ag glacadh leat go réidh, fágtha id' aonar gan teagmháil le daoine eile atá i mbun na hoibre céanna.

Dá bhrí sin tá sé tábhachtach a aithint go gcaitear fiúntas go laethúil ins an suíomh baile. Baineann sé le caighdeáin a chomhlíonadh, díogras i leith traenála leanúnaí, a bheith sofhreagrach agus solúbtha. Bain úsáid as tacaí sóisialacha agus tacaí cuiditheacha pobail nuair atá siad ar fáil. Gaoil oibre cuiditheacha oiriúnacha le tuismitheoirí. Páirteach i ngreasáin go háitiúil agus go náisiúnta.

Is é smaoineadh an ailt thuas ná chun díospóireacht a spreagadh agus macnamh ar do ról agus ar d'obair ins an am atá le teacht.

Cúram Leanaí

Spotsolas Soláthraithe

Mount Carmel Academy Montessori School
Bóthar Bhéal Átha hAmhnais, Clár Chlainne Mhuiris
Cineál Seirbhíse: Soláthraí Príobháideach
Úinéir: Ann Joyce

Soláthraí Príobháideach

Ceisteanna agus Freagraí

Cé chomh fada is atá tú sa ghnó soláthraithe cúram leanaí?
Beidh mé 5 bhliain bunaithe in Eanáir.

Tuige ar lean tú slí bheatha i gcúram leanaí?
Tá grá mór agam do pháistí agus bainim sult as páistí a fheiceáil ag spraoi i dtimpeallacht atá forbartha go speisialta dá gcuid riachtanais sainiúla.

Céard é an leibhéal is airde traenála ar a bhfuil tá ag obair ins an am i láthair nó a bhfuil bainte amach agat le deireanas?
Tá dioplóma faighte agam i Múineadh Montessori, teastas i Riaracháin Oifige agus i Staidéir Ghnó. Tá cúrsaí éagsúla eile déanta agam ag áireamh Garchabhair, Fit Tots Leibhéal 1, Clár Traenála "keeping Safe", IPPA dráma agus an páiste ag forbairt, clár Traenála Ghnó, cúrsa Riachtanais Speisialta, cúrsa Síceolaíochta agus faoi láthair táim ag déanamh cúrsa dár teideal "Learning Language and Loving".

Déan cur síos ar thógáil do sheirbhíse, an bhfuil láthair lasmuigh agat?
Táimid lonnaithe ar Bhóthar Bhéal Átha hAmhnais, Clár Chlainne Mhuiris ar bhóthar 'chul de sac' le dóthain spáis pháirceála. Déanaimid freastal ar pháistí ó 2 bhliain agus ar aghaidh. Tá foirgneamh dhá stóir againn le méadú tógtha go speisialta agus láthair fhairsing lasmuigh a críochnaíodh i mBealtaine 2004. Tá trí ghrúpa againn, an Spraoighrúpa (2-3 bhliain), Réamhscoil (3-3 ½ bliain) agus rang Montessori (3 ½ - 5 bhliain) agus an club iarscoile. Tá láthair fhairsing againn atá go hiomlán timpeallaithe agus daingean. Tá an láthair lasmuigh roinnte i suímh éagsúla ar a n-áirítear áit ghlas, bosca gainimh, áit phicnice, láthair réidh agus láthair uisce, páirc pheile, roinn gharraíodóireachta agus churadóireachta agus roinn chlocha cora.

Céard iad do chuid pleananna chun feabhas a chur ar do sheirbhís ins an am atá le teacht?
Tar éis dúinn a bheith 5 bhliain bunaithe le háis nua tógtha go speisialta airímid go bhfuil ár scoil Montessori ar chaighdeán an-ard ach táimid de shíor i mbun taighde agus ag cuartú bealaigh nua chun feabhas a chur ar ár seirbhís.

Ar chuir tú isteach ar aon mhaoinithe ó EOCP?
Chuir. Fuaireamar deontas caipitil i 2002.

Céard í an ghné is dearfaí dod' sheirbhís?
Airím gurb' í an ghné is dearfaí d'ár seirbhis ná go bhfuil cuid mhaith seomraí agus spáis againn do na páistí agus don fhoireann. Coinnitéar na páistí in ár seirbhís gníomhach i gcónaí agus tugtar cuid mhór grá, cúram agus aird do gach páiste. Tá an fhoireann uilig liom ón chéad lá agus tá rian na sábháilteachta agus na dílseachta sin an-soiléir in ár seirbhis.

Cén ghníomhaíocht is mó a thaitníonn, dar leat, le do ghrúpa leanaí?
Mar a dúirt mé cheana, tá 3 aois-ghrúpaí difriúla againn. Is maith leis an spraoighrúpa uisce, súgradh salach, gaineamh agus gléasanna ceoil. Is breá leis na páistí réamhscoile am ciorcail, am scéalaíochta, am gleacaíochta, cócaireacht agus bácáil agus ealaín. Agus is breá leis an ghrúpa Montessori a saothar Montessori, urlabhraíocht agus drámaíocht, gearradh, gliúáil agus an caisleán preabadach. Is breá leis na grúpaí uilig a dhul lasmuigh agus tairbhe a bhaint as ár láithreán fairsing oscailte.

An bhfuil aon chúrsa ar a raibh tú a mholfá do soláthraithe eile?
Cinnte tá an Traenáil i gCoinneáil Sábháilte agus Garchabhair riachtanach do dhuine ar bith a bhíonn ag déaileáil le páistí. Airím, freisin, an Cúrsa i mBainistíocht Ghnó an-tairbheach.

Céard iad an dá phíosa fearais/ábhair atá rí-thábhachtach duit i do sheirbhís?
Chun a bheith macanta, i ngeall ar an réimse páistí ar a ndéanann muid freastal, bainimíd lán-úsáid as na habhair uilig atá againn, freisin tá na seomraí difriúla an-tábhachtach agus tairbheach do na gníomhaíochta difriúla.

Cén chomhairle a thabharfá do dhuine ag cur tús len a seirbhís féin?

Mar sholáthraí príobháideach caithfidh tú a bheith réidh le huaireanta fada oibre a chur isteach agus a bheith réidh le déileáil le haon fhadhb nó ceist a ardófar.

(Insert Photograph)

(INSERT

4

Deborah Lennon

Cnoc Mhuire, Clár Chlainne Mhuiris
Cineál Seirbhíse: Aireoir Leanaí

Aireoir Leanaí

Ceisteanna agus Freagraí

Cé mhéad páiste ar a dtugann tú cúram?
4 páirtaimseartha agus 1 iar-scoile.
Cén chaoi ar thosnaigh tú?
Bhí mé ag smaoineamh ar dhul ar ais ag obair tar éis mo dharna páiste ach ní raibh mé in ann cúram leanaí a fháil i mo cheantar. Chuala mé faoi CCLCM agus chuaigh mé i dteagmháil le Mary O'Hara agus chinn mé ar thriall a bhaint as cúram leanaí mé féin.
Cé chomh fada is atá tú i mbun cúram leanaí?
2 bhliain.
An bhfuil tú deonach nó fógraithe?
Táim deonach fógraithe.
Cén chaoi a n-oibríonn obair chúram leanaí le do shaol clainne agus gnáth shaol?
Caithfidh mé a rá go bhfuil rogha an dá shaoil agam. Tá mé sa bhaile do mo chuid páistí, an obair bhaile, na rachtanna, na scéalta a bheadh caillte agam dá mbeinn i bhfostaíocht lán-aimseartha agus, freisin, tá mo ghnó féin agus neamhspleáchas agam. Baineann mo chuid páistí sult as an teach a bheith lán le daoine , mór agus beag. Mar sin, oibríonn sé dúinn.
An ndearna tú freastal ar chruinnithe gréasáin agus cén fáth an bhfuil siad tábhachtach duit?
D'fhreastal. Airím go bhfuil siad tairbheach, cuid mhaith comhairle do dhaoine ag tosnú i gcúram leanaí agus coinníonn siad suas chun dáta tú ar bhreis traenála, gan trácht ar chairde atá déanta agam le dhá bhliain anuas.
Cén chineál gníomhaíochtaí a ndéanann tú leis na páistí faoi do chúram?
Déanaim éagsúlacht gníomhaíochtaí a sholáthar chun na páistí a fhorbairt go fisiciúil, go hintleachtúil, go mothúchánach, go sóisialta agus trí theanga. Déanaim iarracht é seo a bhaint amach trí shúgradh lasmuigh, rothair agus trírothach, frámaí dreapadóireachta, rith agus léimnigh, imirt pháirte, gléasadh suas agus eagrú cóisir tae, canadh agus damhsa, míreanna mearaí, taos súgartha, bloic. Freisin, cláir shimplí bia. Is breá leo a bheith ag meá na gcomhábhar, ag meascadh agus ag doirteadh.
Ar chuir tú isteach ar an deontas?
Chuir agus bhain mé úsáid mhaith as. Bhí mé in ann fearais nua a cheannach.
Cén chomhairle a thabharfá do dhuine a dteastaíonn uaidh/uaithi tús a chur le cúram leanaí?
Ar an gcéad dul síos, téigh i dteagmháil leis an Oifigeach Comhairleach Cúram Leanaí, áit a bhfaighidh tú gach eolas a dteastaíonn uait ar thús a chur leis an togra. Traenáil Gharchabhrach an chéad chéim eile agus ansin déan cinnte go bhfuil árachas agat.

Suantraí

S.N. An Chrumpáin, An Caol, Acaill
Cineál Seirbhíse: Seirbhís Phobail - Cúram Iomlán Lae

Seirbis Phobail

Ceisteanna agus Freagraí

Cén chaoi ar thosnaigh do sheirbhís agus cé chomh fada is atá sé bunaithe?
Bhunaigh grúpa máithreacha áitiúla Spraoi ghrúpa Phobal an Chaoil i 1984 i mbunscoil a bhí ligthe i léig. Tá sé ar siúl ó shin agus tá sé imithe ó neart go neart.
Cé mar a shásaíonn do sheirbhís an gá le cúram leanaí i do cheantar?
Is féidir linn freastal ar 32 páiste ins an spraoi ghrúpa agus 8 bpáiste in ár gcrèche idir dhá sheisiún sa la.
Déan cur síos ar thógáil do sheirbhís?
An bhfuil láthair lasmuigh ann?
Bhog muid isteach in áis chúram leanaí a tógadh go speisialta in Aibreán 2003. Foirgneamh dá stór atá ann ag breathnú amach ar Thrá an Chaoil. Ar an urlár íochtarach tá seomra spraoi atá geal, spéiriúil le fuinneoga ar airde atá páistí-cairdiúil agus bealach díreach chuig páirc imeartha speisialta agus láthair-shúgartha. Freisin ar an urlár íochtarach tá ár gcrèche, láthair athraithe páistí, leithreas do lucht míchumais agus cistin. Thuas staighre tá seomra iolúsáide againn a úsáideann an Grúpa Tuismitheoirí agus Tachráin - freisin seomra foirne agus leithreas foirne le háiseanna folctha ceatha.
Céard iad bhur bpleananna chun feabhas a chur ar bhur seirbhís?
Déanaimid iarracht i gcónaí taithí saibhir agus spreagúil a chur ar fáil do na páistí uilig in ár gcúram. Déanann ár bhfoireann freastal ar chúrsaí go rialta chun coinneáil suas chun dáta le heolas agus le forbairtí nua agus athraitheacha.
Ar chuir sibh isteach ar aon mhaoiniú ó EOCP?
Chuir. Faigheann muid deontas foirne.
Cén cineál bailiúcháin a dhéanann bhur ngrúpa?
Bíonn bailiúchán bliantúil againn le lá spraoi clainne agus raifil Cásca, dioscónna samhraidh , ócáid bhréag-éadaí Oíche Shamhna agus glacann roinnt mháithreacha agus baill foirne páirt i mini-mharatón na mban.
Céard í an ghné is dearfaí do bhur seirbhís?
Is é ár n-aidhm ná timpeallacht te, ghrámhar, chothaitheach, oideachasúil, glan agus sábháilte a sholáthar a shásaíonn riachtanais aonair agus forbartha gach aon páiste ata ag freastal ar an spraoi ghrúpa.
Céard í an ghníomhaíocht is rogha le bhur ngrúpa páistí i gcónaí?
Tá sceideal ollmhór gníomhaíochtaí ag ár bhfoireann ar bhonn laethúil. Is iad na cinn is mó a thaitníonn ná gléasadh suas, ról-imirt, scéalta agus amhráin, chomh maith le héagsúlacht leathan gníomhaíochtaí boird agus, nuair a cheadaíonn an aimsir, súgradh lasmuigh in ár bpáirc imeartha.
An bhfuil cúrsaí ar a raibh sibh a mholfadh sibh d'fhoirne/ sholáthraithe eile cúram leanaí?
Tá. Fetac Leibhéal 2, Children First, Garchabhair agus Sláinte agus Cothú.
Dhá phíosa fearais/ábhair atá ríthábhachtach dúinn?
Gliú PVA, úsáideann muid é seo i gcónaí agus tá sé in-nite. Bosca gainimh, is breá leis na páistí a bheith ag súgradh sa ghaineamh.
Cén chomhairle a thabharfá do ghrúpa pobail ag cur tús le seirbhís chúram leanaí?
Faigh coiste daoine aonair atá díograiseach agus a bhfuil suim acu sa togra agus a bhfuil fonn orthu an t-am agus an stró a chaitheamh leis. Bíodh polasaithe agus modhanna agaibh do gach uile shórt. Déan teagmháil rialta le Coiste Chúram Leanaí Mhaigh Eo mar déanann siad tacaíocht mhór a thairiscint.

PICTURES)

Nuacht ón nGaeltacht

Nollaig

Dia Daoibh uilig!

Seo é an Geimhreadh! Is gearr uainn an Nollaig. Agus a bpáistí á gclúdach i gculaithe te geimhridh ag tuismitheoirí, smaoiníonn siad ar "chlúdadh" eile a bheidh á dhéanamh acu. An cineál a bhaineann le páipéar ildaite agus iontais chorraitheacha i bhfolach. Agus, a Thuismitheoirí, b'fhéidir gurb' é seo an eochair chuig míorúiltí na Nollag, an t-Iontas, an aineolas maidir le céard a bheidh i bhfolach laistigh den bpacáiste féiltiúil clúdaithe go spéiriúil. B'fhéidir nach é an rud daor toghtha a bhaineann an t-anáil agus a leathnaíonn na súile le háthas. Smaoinigh ar na litreacha a scríobh tú féin chuig Santa buair a bhí tú id' pháiste. Ba mhinic gurb' é an t-iontas ag bun do liosta a choinnigh an spéis agus an tuairimíocht ba mhó le ráitis mar "Ó, meas tú cén t-iontas a bhfaighidh mé?" Tuige? Ba é an t-easpa eolais a rinne an cás ní ba shuimiúla agus a chur leis an ghair uilig. An Nollaig seo, a Thuismitheoirí, cén fáth nach dtugann sibh an deis do bhur bpáistí tuilleadh den iontas sin a chur leis an ghair trí bhronntanais bheaga daoire a chlúdach, (d'fhéadfadh sibh am a chaitheamh le chéile ag déanamh bhur gclúdach speisialta bronntanais), i mboscaí agus pacáistí de chruthanna éagsúla, ag cur na mboscaí beaga isteach ins na boscaí móra ,iad líonta suas le páipéar síoda agus le bronntanas beag. Beidh spraoi acu ag réabadh tríd an pháipéir agus ag iarraidh a mheas céard a thiocfaidh amach as na boscaí éagsúla. Cé chomh minic agus a chuala tú tuismitheoirí ag rá "Chaith siad níos mó ama ag súgradh leis an mbosca in ar tháinig sé seachas leis an mbronntanas fíor-luachmhar a bhí istigh ann". I mbliana, tabhair dod' pháistí bronntanais Iontais agus Mhíorúiltí, atá an-speisialta go deo in Éirinn an lae inniú. Agus, maidir leis an am a chaitheann tú leo, sin é an bronntanas is mó ar fad. Tá an t-am imithe, an todhchaí le teacht, ach is é an t-am a chaitheann tú leo anois an bronntanas is speisialta ar fad. Sin é an fáth a dtugann siad an bronntanas air!
Ag guí iontais iontacha oraibh uilig agus bainigí sult as bhur mbronntanais speisialta an Nollaig seo.

Gráinne de Barra

(INSERT WORDSEARCH)

Cúinne na dTuismitheoirí & na bPáistí

Dathú isteach na Nollag

(INSERT DRAWING)

(INSERT MAZE)

Nuacht E.O.C.P.

Ba bhliain an spreagúil i 2005 do thograí chúram leanaí a bhí ag lorg maoinithe ard scala faoin EOCP. Tá fógra faighte ag na tograí seo a leanas gur ceadaíodh maoiniú dóibh san 12 mhí atá imithe thart:

Na Broicíní, Clár Chl. Mhuiris
Greenhills, Béal an Átha
An Mhala Raithní
Mainistir Mhaigh Eo
Béal Átha hÉin, C. an Bharraigh
Parkside, Béal an Átha
Tuairín, B. Átha hAmhnais
Spraoi ghrúpa Phobal Choillte Mach

Cé nach bhfuil an obair chrua ach ag tosnú ar a lán bealaigh do na grúpaí seo agus iad ag dul thar an tréimhse iar-cheadaithe, fós is am an spreagúil é do na grúpaí seo. Is mian le CCL Mhaigh Eo comhghairdeas a dhéanamh leis na grúpaí seo ar a gcuid éachtaí agus táimid ag dúil le bheith ag obair i gcomhar leo ins an am atá le teacht. Chun tuilleadh eolais maidir le maoiniú cúram leanaí EOCP déan teagmháil linn ag Coiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo (sonraí anseo thíos). Léigh leat i gcóir réamheolas eile:

Cúlra Ginearálta

Tá dualgas ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí do chlár cúram leanaí faoin bPlean Náisiúnta Forbartha.

Seo a leanas príomh aidhmeanna an chláir seo:

- Chun fiúntas cúram leanaí in Éirinn a fheabhsú.
- Chun cur le líon na n-áiseanna cúram leanaí agus na n-áiteanna cúram leanaí
- Chun tabhairt faoi córas comhordaithe a thionscnaimh i leith soláthair seirbhísí cúram leanaí

Tá an Roinn tar éis an Clár Comhdheiseanna Cúnaimh Leanaí (2000-2006) a thabhairt isteach chun forbairt chúram leanaí in Éirinn a mhaoiniú fad is atáthar ag iarraidh a chinntiú nach ndéanfar na seirbhísí atá ann a chur as áit trí thionscnaimh nua ins an earnáil chúram leanaí.

Baineann na treoirlínte seo leis an trí scéim seo a leanas amháin:

Áirítear ar na cineálacha maoinithe:

Caipiteal: Chun áiseanna cúram leanaí a bhunú, a athchóiriú agus/nó a athghrádáil do ghrúpaí pobal-bhunaithe/ní-do-bhrabach .

Cúrsaí Foirne: Chun tacú le costais fhoirne d'áiseanna cúram leanaí pobal-bhunaithe

Caipiteal: Chun áiseanna cúram leanaí a thógáil, a athchóiriú nó a athghrádáil do sholáthraithe féinfhostaithe cúram leanaí ag freastal ar 20 páiste, ar a mhéid, ag aon am amháin.

Treoirlínte d'iarrthóirí

Is féidir na treoirlínte seo a úsáid i gcóir iarratais ar mhaoiniú Caipitil agus Foirne amháin.

Cineál Maoinithe

Deontais Chaipitil

Pobal/Ní-do-bhrabach

Cé a dhéanfaidh iarratas?

Grúpa aonair pobal-bhunaithe/ní-do-bhrabach nó comhlacht pobal-bhunaithe/ní-do-bhrabach de ghrúpaí príobháideacha agus pobail

Deontais Foirne:

Pobal/Ní-do-bhrabach

Cé a dhéanfaidh iarratas?

Grúpa aonair/eagras pobal-bhunaithe/ní-do-bhrabach nó comhlacht pobal-bhunaithe/ní-do-bhrabach de ghrúpaí príobháideacha agus pobail

Deontais Chaipitil

Soláthraithe féin-fhostaithe Cúram Leanaí

Cé a dhéanfaidh iarratas?

Soláthraí féin-fhostaithe Cúram Leanaí ag freastal ar 20 páiste ar a mhéid ag aon uair amháin.

INSERT LOGO

Coiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo

Cá bhfuil fáil orainn?

Déanann Coiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo agus Seirbhísí Luathchúraim Leanaí oifigí a roinnt i Lána an Mhuilinn, Sráid an Droichid, Caisleán an Bharraigh, Co Mhaigh Eo.

Sonraí Teagmhála Sheirbhísí Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo:

Teil: 094 9034778
Faics: 094 9034815
Rphost: maryconway@mayococo.ie
Suíomhlíon: www.mayocdb.ie

Sonraí Teagmhála Sheirbhísí Luathchúraim Leanaí:

Teil: 094 9034776
Faics: 094 9034815
Rphost: trina.mcginty@malinhse.ie

Buíochas ó Choiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo

Buíochas as an seachtú eagrán de nuachtlitir Choiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo a léamh. Buíochas dóibh siúd go léir a chabhraigh leis an eagrán seo. Má tá eolas ar bith nó ailt agat a cheapann tú a bheadh tairbheach do sholáthraithe cúram leanaí nó tuismitheoirí sa chontae, cuir chugainn iad le do thoil agus déanfaimid iarracht iad a fhoilsiú ins an chéad eagrán eile d'ár nuachtlitir.

Séanadh Freagrachta

Rinneadh gach iarracht a chinntiú go bhfuil an t-eolas ins an bhfoilseachán seo cruinn agus chun dáta. Ní féidir le Coiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo agus/nó le na gcuid seirbhísigh nó gníomhairí aon fhreagracht a ghlacadh i ngeall ar chaillteanas nó chruachás tarlaithe d'aon duine ag gníomhú nó ag stopadh ó ghníomhú mar thoradh ar ábhar ins an bhfoilseachán seo

(INSERT LOGOS)

Maoinithe ag Rialtas na hÉireann agus páirt-mhaoinithe ag Cistí Struchtúrtha an Aontais Eorpaigh faoin bPlean Náisiúnta Forbartha 2000-2006